

BROIGHEALL

Uair ar bith a bhéas athrú aimsire, nuair a bhéas an gairbhin le thigheacht tiocfaill an broigheall ar Loch a' Chaola agus ar an loch taobh thoir di, Loch na Trosgan. Ní fhaca mé a crochadh aon bhreac locha ariamh í ach easconnaí. Mara marbhuigheann sí an easconn shul má shluigeann sí í tiocfaidh an easconn aniar arís i ndiaidh a robaill. Tá an easconn i ndon tigheacht i ndiaidh a robaill cho maith is i ndiaidh a cinn.

Is an aghaidh cinn a shluigeas éan breac. Chuile éan a shluigeas breac déanfaidh sí an rud céadna i riocht is nach mbeidh eiteadha an bhric a' tigeacht ina aghaidh. Nuair a shloigeas broigheall easconn gan é a bheith marbh uile aige agus nuair a eireochas an broigheall san aer níl baoghal nach dtosóchadh an easconn a' corrúighe. Fillfidh an broigheall ar an loch go leigidh sí amach an easconn go dtugaidh sí marbhú eile di. Nuair a bhéas an easconn marbh uilig aice slúigfidh sí arís í. Nuair a shluigeas broigheall easconn ólfaidh sí seacht nó ocht de dheochanna gan dul faoin bpoll a' plúchadh.

Tá Loch a' Chaola agus Loch na Trosgan tanaidhe agus neart easconnaí is gach aon cheann acab.